Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**12726/23**

**FIN 900
INST 322
PE-L 28**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12407/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 10/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 23 Lúnasa 2023, thíolaic an Coimisiún don Chomhairle togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 10/2023, a bhaineann le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais,[1] i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Is é is cuspóir don togra seo EUR 446.84 milliún maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 30 04 01 (*Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus um Chabhair Éigeandála (SEAR)*) go Mír 16 02 01 01 (*Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)*).

[1] 12406/23.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Meán Fómhair 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 12407/23 iad; agus

- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[3], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 10/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).